Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11664/23**

**ENV 832**
**CLIMA 350**
**AGRI 385**
**FORETS 82**
**RECH 347**
**ENER 438**
**IND 378**
**COMPET 745**
**CHIMIE 70**
**SAN 451**
**ECOFIN 761**
**CONSOM 274**
**AGRILEG 128**
**SEMENCES 30**
**PHYTOSAN 42**
**PESTICIDE 37**
**FOOD 58**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 410 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Úsáid athléimneach agus inbhuanaithe acmhainní nadúrtha an Aontais Eorpaigh a áirithiú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 410 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 410 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.7.2023
COM(2023) 410 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Úsáid athléimneach agus inbhuanaithe acmhainní nadúrtha an Aontais Eorpaigh a áirithiú**

## 1. Réamhrá

Tá an Comhaontú Glas don Eoraip ríthábhachtach do shláinte ár ndaoine agus ár bpláinéid. Ó cuireadh i láthair é i mí na Nollag 2019, tá claochlú domhain iomlánaíoch curtha ar bun aige ar ár sochaí agus ar ár ngeilleagar. Leis na tionscnaimh **'Oiriúnach do 55'** a comhaontaíodh agus a cuireadh i gcrích cheana, agus leis an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an n**geilleagar ciorclach** agus na tograí maidir le **truailliú nialasach**, réitítear an bealach chun spriocanna aeráide an Aontais Eorpaigh do 2030 agus 2050 a bhaint amach.

Braitheann na tionscnaimh sin agus na spriocanna a ghabhann leo ar réitigh a chuireann an dúlra ar fáil, an comhghuaillí is fearr atá againn sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, agus ar theicneolaíochtaí nua agus ar nuálaíocht. Chun seasamh le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh faoi Chomhaontú Pháras agus faoi Chreat Bithéagsúlachta Kunming-Montreal araon, agus i bhfianaise Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, chun aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe a áirithiú agus chun aeráidneodracht agus oiriúnú don athrú aeráide a bhaint amach, go háirithe chun aistrithe carbóin trí linnte nádúrtha a fheabhsú, agus chun dlí aeráide an Aontais a bhaint amach, ní mór dúinn athléimneacht na n-éiceachóras nádúrtha ar fud an Aontais a athbhunú agus a neartú mar ábhar práinne. Ní mór dúinn cur lena gcumas cabhrú linn oiriúnú don athrú aeráide, caomhnú acmhainní uisce a fheabhsú, agus feabhas a chur ar a gcumas táirgiúil chun slándáil bhuan bia agus ábhair a áirithiú.

Mar thoradh ar thriomaigh, ar an nganntanas uisce agus ar an mbaol tuilte a bheith ag dul i méid go tapa, agus ag cur isteach go tragóideach ar thrí cheathrú de thíortha na hEorpa cheana féin[1], tá gá le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le colún eile den Chomhaontú Glas: **úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha an Aontais a áirithiú.** Neartóidh sé sin athléimneacht bhia agus fheirmeoireacht na hEorpa freisin.

Tá úsáid neamh-inbhuanaithe acmhainní nádúrtha ar cheann de na nithe is mó a spreagann na géarchéimeanna aeráide agus bithéagsúlachta, rud as a d'eascair básanna na mílte duine agus costais na mbilliún euro san Aontas Eorpach amháin. cheana féin[2]. Tá éiceachórais shláintiúla ríthábhachtach chun todhchaí inmharthana inbhuanaithe a áirithiú dúinn féin agus do na glúine atá le teacht, agus chun athléimneacht an Aontais i gcoinne tubaistí a neartú. Bíonn costas ar go leor earnálacha, go háirithe an talmhaíocht, an t-iascach agus na slabhraí luacha gaolmhara, de thoradh ar dhíghrádú agus ar thruailliú ithreacha agus ar athléimneacht lagaithe na n-éiceachóras. Ar a seal, má chailltear torthaí mar gheall ar thimpeallacht dhíghrádaithe, truailliú, triomaigh, tonnta teasa, tuilte agus lotnaidí nua, bíonn costas níos mó ar fheirmeoirí, iascairí agus, da thoradh sin, ar shaoránaigh maidir le praghsanna bia méadaithe.

Leis an bpacáiste sin, leanann an tAontas dá ghealltanais idirnáisiúnta a urramú tríd an mbealach a réiteach d'ithreacha sláintiúla san Eoraip, agus an méid sin a bhaint amach trí

[1] Airmheán Comhpháirteach Taighde - an Fhaireachlann Eorpach um Thriomach
[2] Idir 1980 agus 2021, b'ionann na díobhálacha a bhain leis an aimsir agus leis an aeráid agus thart ar EUR 560 billiún (luachanna 2021). Is ábhar imní é go bhfuil méadú leanúnach ag teacht ar an díobháil a bhaineann leis an aimsir agus leis an aeráid le deich mbliana anuas. Is féidir le teagmhas aonair, amhail tuilte 2021 sa Ghearmáin agus sa Bheilg, a bheith ina chúis le díobhálacha de EUR 50 billiún, nach mór.

thogra maidir le **faireachán agus athléimneacht ithreach** a leagan amach a chuirfidh ar ár gcumas faireachán a dhéanamh ar shláinte ithreach agus réimse beart tacaíochta a chur ar fáil chun bail shláintiúil a chur orthu de réir a chéile. Mar a leagtar amach sa Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', moltar freisin creat rialála nua d'**ábhar atáirgthe plandaí agus foraoise** lena gcuirfear borradh faoin nuálaíocht agus faoi chleachtais inbhuanaithe, lena mbainfear leas as dul chun cinn teicneolaíoch i d**teicnící géanómaíocha nua** chun plandaí athléimneacha a fhorbairt agus lena gcumasófar úsáid lotnaidicídí ceimiceacha agus an riosca a bhaineann leo a laghdú a thuilleadh. Le bearta chun **cur amú bia agus dramhaíl teicstíle** a chosc agus a laghdú, rannchuideofar freisin le húsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní nádúrtha agus le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú tuilleadh, mar a leagtar amach freisin sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach.

Leis an bpacáiste seo, **tugtar chun críche na tograí roimhe seo maidir leis an gComhaontú Glas** a glacadh cheana, amhail an Dlí Aeráide agus an Rialachán LULUCF athbhreithnithe, nó iad siúd atá fós sa phróiseas comhchinnteoireachta, amhail an Dlí maidir le hAthchóiriú an Dúlra, arb é an togra suaitheanta é do cholún acmhainní nádúrtha an Chomhaontaithe Ghlais agus atá ríthábhachtach chun spriocanna idirnáisiúnta comhaontaithe maidir leis an mbithéagsúlacht a bhaint amach. Tá an pacáiste seo fite fuaite freisin le tograí maidir le **deimhniú aistrithe carbóin**, nó **úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí** agus iad siúd a bhaineann le **truailliú nialasach.** I dteannta a chéile, cuirfidh na tograí sin **ar chumas an Aontais an t-aistriú chuig geilleagar agus sochaí inbhuanaithe a stiúradh agus a bhrostú**.

I dteannta a chéile, tabharfaidh na bearta sin tairbhí fadtéarmacha eacnamaíocha, sóisialta, sláinte agus comhshaoil do chách. Rachaidh siad chun tairbhe go háirithe dóibh siúd a mhaireann go díreach ón talamh agus ón dúlra, i bhfoirm **sócmhainní nádúrtha níos athléimní**. Cuireann sé sin le ceantair thuaithe rathúla, le **slándáil bia**, le **bithgheilleagar athléimneach agus rathúil** agus cosnaíonn sé i gcoinne iarmhairtí an athraithe aeráide agus chailliúint na bithéagsúlachta. Trí athléimneacht agus sláinte ithreacha a mhéadú, cuirtear **deiseanna breise ioncaim ar fáil d'fheirmeoirí agus do bhainisteoirí talún**, ar féidir luach saothair a thabhairt dóibh as feirmeoireacht carbóin, íocaíochtaí a fháil as seirbhísí éiceachórais nó as luach ithreacha sláintiúla agus bia a tháirgtear orthu a mhéadú.

## 2. Leas a bhaint as acmhainní nádúrtha agus sláinte ithreach a fheabhsú

Is é fírinne an lae inniu gur cúis mhór imní é riocht ithreacha an Aontais. Tá idir 60 % agus 70 % de na hithreacha san Aontas míshláintiúil faoi láthair[3]. Ina theannta sin, déantar billiún tonna ithreach a ghlanadh chun siúil gach bliain mar gheall ar chreimeadh, rud a chiallaíonn go bhfuil an tsraith uachtair torthúil atá fágtha ag imeacht go tapa. Tá caillteanas dochúlaithe de na hithreacha is torthúla mar thoradh ar thógáil talún agus séalú ithreach freisin. Meastar

[3] *Drivers of Food Security* [Spreagthaí na Slándála Bia], Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD (2023) 4

na costais foriomlána a bhaineann le díghrádú ithreach a bheith os cionn EUR 50 billiún in aghaidh na bliana. Gan gníomh cuí, ní thiocfaidh ach méadú ar na costais sin.

Rinne triomaigh, tuilte, ráigeanna lotnaidí, falscaithe, agus teagmhais adhaimsire arb í an aeráid is cúis leo (lena n-áirítear stoirmeacha) sláinte agus athléimneacht ár n-ithreacha a dhíghrádú tuilleadh. Tá méadú tagtha ar a minicíocht le blianta beaga anuas. Tá méadú ag teacht ar an tionchar tromchúiseach atá ag triomach san Aontas, rud a léiríonn go bhfuil an t-éiceachóras ag dul in olcas. Ó 2000 i leith, bhí ocht mbliana os cionn an mheáin fhadtéarmaigh maidir le tionchar an triomaigh, agus cúig bliana díobh sin le deich mbliana anuas[4]. Tá an deichiú cuid de dhaonra uirbeach na hEorpa ina gcónaí faoi láthair i gceantair a d'fhéadfadh a bheith i mbaol tuilte[5].

Léirigh an dá shéasúr falscaithe is déanaí (2021 agus 2022) treocht imníoch maidir le líon falscaithe níos airde ná mar a bhíothas ag súil leo chomh maith le limistéir níos mó dóite talún. Tá na séasúir falscaithe ag tosú níos luaithe agus ag críochnú níos déanaí sa bhliain freisin. Dá bhrí sin, le blianta beaga anuas, tá níos mó Ballstát tar éis tacaíocht a iarraidh ó Bhallstáit eile tríd an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM) chun dóiteáin a mhúchadh, ós rud é gur mheas siad nach leor a n-acmhainní freagartha féin.

Ní leor, áfach, acmhainneachtaí freagartha a neartú maidir le dóiteáin, tuilte, creimeadh ithreach agus triomaigh. Is bealach ríthábhachtach chun cinn é feabhas a chur ar shláinte na hithreach chun cosc agus bainistiú tubaistí a neartú.

Chun triomaigh agus ganntanas uisce a bhainistiú, tá gá le cineálacha cur chuige nuálacha lena gcomhcheanglaítear freagairtí bainistíochta riosca níos traidisiúnta maidir le huisce agus triomaigh, agus béim á leagan ar athléimneacht níos mó ó thaobh éiceachórais de a fhorbairt. Coinníonn ithreacha sláintiúla suas le 25 % dá mais in uisce, rud a chuireann le baol tubaiste a chosc agus a ghníomhaíonn mar thaiscumair fhadtéarmacha chun dobharlaigh screamhuisce a athlíonadh. An acmhainneacht nádúrtha atá ag ithreacha, bogaigh agus foraoisí athléimneacha chun uisce a stóráil, tá sí níos airde ná mar a d'fhéadfaí a bhaint amach trí thaiscumair shaorga nua costasacha[6]. Trí choinneáil uisce feabhsaithe féadfar tuilte chomh maith le triomaigh a mhaolú agus an comhshaol a dhéanamh níos athléimní i gcoinne eachtraí sciorrtha talún agus creimeadh ithreach. Ar an iomlán, tá cóimheasa arda ó thaobh sochar agus costais[7] ag réitigh dhúlra-bhunaithe chun tuilte a chosc, mar shampla. Nuair is ann d'ithreacha sláintiúla ag a bhfuil ard-ráta insíothlaithe uisce, tacaítear freisin le clúdach fásra a fréamhú lena gcoisctear agus lena gcuirtear i gcoinne falscaithe.

Chomh maith le cuidiú le hullmhú d'éifeachtaí méadaitheacha an athraithe aeráide, is réamhchoinníoll iad ithreacha sláintiúla freisin dár sláinte féin, agus do shláinte go leor éiceachóras. Tá siad mar bhonn do tháirgeadh bia talmhaíochta agus do bhithgheilleagar

---

[4] https://www.eea.europa.eu/ims/drought-impact-on-ecosystems-in-europe

[6] "What the future has in Store: A new Paradigm for Water Storage", The World Bank, 2023.

[7] 'Economics for Prevention and Preparedness: Investment in Disaster Risk management in Europe makes Economic Sense', The World Bank report, 2021, Summary report, p. 14.

inbhuanaithe. Ós rud é go dtáirgtear 95 % dár mbia go díreach nó go hindíreach ar ithreacha, bíonn tionchar díreach ag díghrádú ithreach ar shlándáil bia. Is foinse ríthábhachtach amhábhar iad ithreacha freisin, ar amhábhair iad atá fíor-riachtanach dár n-aistriú glas agus dár n-aistriú digiteach. Tá acmhainní nádúrtha agus na seirbhísí a thagann ó éiceachórais shláintiúla, lena n-áirítear táirgeadh bia, ríthábhachtach d'inmharthanacht ár ngeilleagair agus ár sochaí. Ós rud é go bhfuil laghdú mór tagtha ar chumas ithreacha díghrádaithe agus truaillithe carbón a stóráil agus cothaithigh a chur ar fáil go nádúrtha do phlandaí, bheadh sé níos dúshlánaí spriocanna aeráide Eorpacha agus oibleagáidí dlíthiúla na mBallstát faoi LULUCF a bhaint amach dá ndéanfaí díghrádú breise ar ithreacha na hEorpa. Ag an am céanna, laghdaíonn ithreacha díghrádaithe an cás gnó le haghaidh feirmeoireachta carbóin, ach le hithreacha sláintiúla fágtar go bhfuil ioncam feirmeoirí ó tháirgeadh bia, feirmeoireacht carbóin agus ó shócmhainní na feirme slán.

Sin an fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach sin go bhforbróidh údaráis na mBallstát, feirmeoirí agus úinéirí talún eile na bearta cearta bainistithe agus athghiniúna ithreach agus go gcuirfidh siad i bhfeidhm iad san áit cheart. Chun na críche sin, cuirtear i bhfeidhm leis an **Togra maidir le hIthir creat daingean comhleanúnach faireacháin ithreach do gach ithir** ar fud an Aontais agus chun feabhas leanúnach a chur ar shláinte ithreach san Aontas d'fhonn ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050. Tá an togra ag tógáil ar chleachtais ar thacaigh an Comhbheartas Talmhaíochta leo cheana féin agus ní thugtar isteach aon oibleagáidí nua ar fheirmeoirí leis. Leis an togra, bailítear roinnt foinsí sonraí ithreach san aon áit amháin, lena gcomhcheanglaítear sonraí samplála ithreach ón Suirbhé Fráma Limistéir ar Chumhdach/Úsáid talún[8] (LUCAS) le sonraí satailíte ó Copernicus, sonraí a ghintear faoi Mhisean an Aontais Eorpaigh 'Comhaontú um Ithir don Eoraip'[9] agus le sonraí náisiúnta agus príobháideacha.

Éascóidh sé sin iarrachtaí na mBallstát faireachán a dhéanamh ar a ngealltanais faoi LULUCF agus faoi phleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide, faoin gComhbheartas Talmhaíochta agus faoin Dlí maidir le hAthchóiriú an Dúlra atá beartaithe. Cuirfidh sé leis an bhFaireachán agus Ionchas Truaillithe Nialasaigh[10] agus leis an bhFaireachán Bithéagsúlachta i gcás nach n-áirítear, go dtí seo, sonraí ithreach ar an leibhéal céanna le sonraí aeir agus uisce. Ag an am céanna, cabhróidh diagnóis chruinn ar fud an Aontais le húdaráis na mBallstát, le feirmeoirí agus le húinéirí talún eile na bearta iomchuí bainistithe ithreach agus athghiniúna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Cuirfear sonraí ithreach san áireamh freisin agus nuálaíocht, réitigh theicneolaíocha agus eagraíochtúla i gcleachtais feirmeoireachta á bhforbairt agus á n-úsáid, lena n-áirítear éagsúlú barr, feirmeoireacht bheacht, forbairt plandaí, uirlisí bainistithe ithreach digitithe nó úsáid a bhaint as réitigh intleachta saorga ó chórais braite agus ó chórais tomhais allamuigh. Cuirfidh sé sin ar chumas feirmeoirí an modh cóireála is oiriúnaí a chur chun feidhme agus cabhrú leo torthúlacht agus táirgeacht na hithreach a chothabháil agus a mhéadú, agus tomhaltas uisce

[8] Forbhreathnú — Staitisticí maidir le cumhdach/úsáid talún - Eurostat (europa.eu)
[9] Sláinte na hithreach agus bia (europa.eu)
[10] Spriocanna maidir le truailliú nialasach (europa.eu)

agus cothaitheach a íoslaghdú ag an am céanna. Ina theannta sin, ceadaíonn sonraí ithreach anailís fheabhsaithe ar threochtaí maidir le triomaigh, coinneáil uisce agus creimeadh, rud a chuireann le tubaistí a chosc agus a bhainistiú.

Leagtar síos sa togra freisin **prionsabail bainistíochta inbhuanaithe is infheidhme maidir le hithreacha bainistithe** san Eoraip, lena n-áirítear ithreacha a úsáidtear sa talmhaíocht. Cabhraíonn sé leis na Ballstáit cleachtais athghiniúnacha a fhorbairt agus a shainiú ar bhealach cuimsitheach le feirmeoirí agus le bainisteoirí talún eile.

Tá rochtain ar shonraí ithreach ríthábhachtach freisin do fhoraoiseoirí chun luach éiceolaíoch, socheacnamaíoch a bhforaoisí a chothabháil agus a fheabhsú. Tá beagnach leath de spás talún an Aontais faoi fhoraoisí agus faoi choillearnach eile agus tá ról lárnach acu maidir le tacú le bithgheilleagar láidir foraoisbhunaithe, maidir leis an athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó agus maidir leis an mbithéagsúlacht a chaomhnú agus a athbhunú. Is é talamh foraoisithe an príomhrannchuiditheoir le linn charbóin an Aontais. Tiocfaidh méadú ar thábhacht na bhforaoisí agus ar an iliomad feidhmeanna atá acu amach anseo, mar sholáthraí amhábhair don bhithgheilleagar freisin, agus tacaíonn na slabhraí luacha foraoisbhunaithe leathnaithe le 4.5 milliún post san Aontas faoi láthair. Mar sin féin, tá an t-athrú aeráide ina chúis le críonadh siar suntasach crann agus caillteanas sealadach foraoise i roinnt mhaith Ballstát le blianta beaga anuas. Tá thart ar 1.5 billiún bainte amach ag tionchair eacnamaíocha ó dhóiteáin foraoise in aghaidh na bliana, agus táthar ag tuar go laghdóidh teochtaí méadaithe luach na talún foraoise faoi na céadta billiún euro faoi dheireadh an chéid mar gheall ar athruithe ar chomhdhéanamh speiceas.

Maidir le samhlacha nua gnó inbhuanaithe amhail feirmeoireacht carbóin bunaithe ar dheimhniú aistrithe carbóin agus ar íocaíochtaí le haghaidh seirbhísí éiceachórais, tá glacadh, forbairt ar mhórscála agus rath na samhlacha sin ag brath ar sonraí ardcháilíochta, go háirithe maidir le hithreacha. Leis an deimhniú deonach ar ithir shláintiúil, táthar ag súil go méadófar luach an deimhnithe aistrithe carbóin agus go soláthrófar tuilleadh aitheantais shóisialta agus margaidh do bhainistiú inbhuanaithe ithreach agus do tháirgí bia gaolmhara.

Na buntáistí a bhaineann le hithreacha torthúla agus le haitheantas a thabhairt do bhearta chun é sin a bhaint amach, cuideoidh siad freisin le borradh a chur faoin maoiniú príobháideach, ós rud é go bhfuil tús curtha cheana féin ag tionscal an bhia agus ag gnólachtaí eile le cláir a chur i bhfeidhm atá dírithe ar íoc as seirbhísí éiceachórais agus ar thacú le cleachtais inbhuanaithe a bhaineann le sláinte ithreach. Le héagsúlú na gcóras táirgthe talmhaíochta agus foraoiseachta, a bhfuil éagsúlacht níos mó táirgí indíolta ag gabháil leo, cuirtear deiseanna ar fáil freisin do phoist nua san Aontas. Is féidir tionscnaimh feirmeoireachta carbóin a mhaoiniú tríd an gComhbheartas Talmhaíochta, ionstraimí cistiúcháin eile de chuid an Aontais amhail LIFE, agus Fís Eorpach, maoiniú poiblí amhail státchabhair, tionscnaimh phríobháideacha atá nasctha le margaí carbóin, nó trí mheascán de na roghanna cistiúcháin sin.

**Bosca 1. Tairbhe a bhaint as sonraí agus eolas feabhsaithe**

- Cuirfidh an togra ithreach ar chumas feirmeoirí agus foraoiseoirí rochtain a fháil ar chomhairle neamhspleách neamhchlaonta maidir le conas ithreacha sláintiúla a bhaint

amach ina gcás féin.

- Beidh rochtain (deonach) ag gach bainisteoir talún ar dheimhniúchán sláinte ithreach. Beidh tionchar aige sin ar luach na talún. Is féidir a bheith ag súil leis go mbeidh luach níos airde ag ithreacha sláintiúla, toisc go mbeidh sé cruthaithe go bhfuil siad níos athléimní i leith éifeachtaí an athraithe aeráide agus luaineacht na haimsire. Tá sé sin ríthábhachtach don mhargadh talún, agus d'fheirmeoirí óga agus nua. Le hithreacha sláintiúla, déantar bia sláintiúil a chruthú, níos mó carbóin a storáil, sreafaí uisce agus cothaitheach a rialú, agus tacaítear leis an mbithéagsúlacht. Is féidir leis an margadh é sin a léiriú freisin, mar shampla i lipéadú inbhuanaithe nó trí chreidmheasanna carbóin i gcomhthéacs an deimhnithe aistrithe carbóin.
- Cuirfidh sonraí ithreach ar chumas feirmeoirí cuntas a thabhairt ar éagsúlacht na ndálaí ithreach agus, dá bhrí sin, beidh siad in ann an modh cóireála is oiriúnaí a chur chun feidhme: beidh torthúlacht agus táirgeacht mhéadaithe mar thoradh air sin, agus íoslaghdófar tomhaltas uisce, lotnaidicídí agus leasacháin ag an am céanna.
- Tá méadú ag teacht ar éilimh ó úinéirí maoine talún ar shonraí faoi thruailliú ithreach agus bíonn tionchar ag an méid sin ar luach na talún go háirithe i gcásanna ina bhfuil gá le feabhsúchán (e.g. ó iarshuíomhanna tionsclaíocha) sular féidir an talamh a athúsáid chun críoch eile (e.g. tithíocht).
- Le rochtain ar shonraí, éascófar forbairt theicneolaíoch agus nuálaíocht i réimsí talmhaíochta amhail an fheirmeoireacht bheacht, bainistiú agus éagsúlú barr, uirlisí bainistithe ithreach digitithe nó úsáid réitigh intleachta saorga ó chórais braite agus ó chórais tomhais allamuigh.
- Ina theannta sin, d'fhéadfadh na Ballstáit agus an tAontas sonraí ithreach a úsáid chun anailís fheabhsaithe a dhéanamh ar threochtaí i dtriomaigh agus i dtuilte, rud a chuirfeadh le bainistiú agus athléimneacht tubaistí níos fearr.
- Le Misean an Aontais Eorpaigh 'Comhaontú um Ithir don Eoraip', tá réitigh á dtástáil agus á méadú le haghaidh bainistiú inbhuanaithe talún agus ithreach sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht agus in úsáidí talún eile chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo ithreacha níos sláintiúla agus chun cuidiú le faireachán agus tuairisciú comhchuibhithe ar ithir a chur chun cinn san Eoraip. Tá bia ar cheann de na príomhchórais a dtugtar aghaidh orthu i Misean an Aontais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, ar misean é a bhfuil sé d'aidhm aige 150 réigiún nó eintiteas áitiúil ar a laghad a bheith athléimneach i gcoinne an athraithe aeráide faoi 2030.
- Is tionscnaimh chomhbheartaithe taighde agus nuálaíochta iad an Chomhpháirtíocht Eorpach um Bithéagsúlacht, an Chomhpháirtíocht Eorpach um Shlándáil Uisce don Phláinéad, an Chomhpháirtíocht maidir le Córais Inbhuanaithe Bia agus an Chomhpháirtíocht um Agrai-éiceolaíocht, lena gcuirtear réitigh nithiúla ar fáil do pháirtithe leasmhara nach mór dóibh gníomhú maidir le bia, uisce agus bithéagsúlacht.

### 3. Tacú le córais bhia athléimneacha inbhuanaithe

De dheasca ghéarchéim dhúbailte an athraithe aeráide agus chailliúint na bithéagsúlachta, táthar ag díriú ar athléimneacht fhadtéarmach agus ar an ngá atá le haistriú chuig córais talmhaíochta agus bia inbhuanaithe. Léiríonn anailís eolaíoch go soiléir go bhfuil an t-athrú aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta ar na bagairtí is mó ar shlándáil bia ar fud an domhain. Chun slándáil fhadtéarmach bia a áirithiú, ní mór dúinn úsáid a bhaint as na réitigh uile atá ar fáil.

Mar a shainítear sa togra le haghaidh Dlí maidir le hAthchóiriú an Dúlra, tá sé práinneach bithéagsúlacht in éiceachórais talmhaíochta a athbhunú agus a fheabhsú chun an t-aistriú chuig córais bhia inbhuanaithe agus a n-athléimneacht fhadtéarmach a áirithiú. Tá níos mó ná 75 % de bharra bia an domhain agus beagnach EUR 5 bhilliún d'aschur talmhaíochta an Aontais ag brath ar phailniú ainmhithe. Léiríonn fianaise eolaíoch go bhfuil níos mó ná trí cheathrú d'fheithidí eitilte caillte againn cheana féin, le 30 bliain anuas. Faoi láthair, tá meath ag teacht ar speiceas beach agus féileacán amháin as gach trí cinn san Aontas. Tá éiceachórais talmhaíochta bhithéagsúla agus a bhainistítear go hinbhuanaithe níos athléimní i gcoinne an athraithe aeráide. Chun tacú le hathléimneacht ár n-éiceachóras talmhaíochta, ní mór dúinn brath ar chóras inbhuanaithe táirgthe bia. Chuige sin, teastaíonn éiceachórais shláintiúla a thacaíonn le torthúlacht na hithreach, rothaíocht cothaitheach, rialáil aeráide agus uisce, pailniú, agus rialú nádúrtha lotnaidí.

Déanann bithéagsúlacht shláintiúil agus éiceachórais fheidhmiúla córais bhia, slite beatha agus an tsochaí i gcoitinne níos athléimní in aghaidh suaití agus struis. Éiceachórais agus gnáthóga lena n-éascaítear an bhithéagsúlacht, téann siad chun tairbhe do chobhsaíocht fhoriomlán an táirgthe barr. Le táirgeadh talmhaíochta níos inbhuanaithe nach mbeadh ag brath chomh mór sin ar leasacháin agus ar cheimiceáin/lotnaidicídí, ní bheidh an earnáil ag brath chomh mór ar ionchuir sheachtracha agus beidh sé níos athléimní i gcoitinne, lena n-áirítear ar thionchair dhosheachanta an athraithe aeráide. Baineann sé sin freisin le hearnálacha foraoiseachta, iascaigh agus eile atá ag brath ar an dúlra. Éiceachórais a bheidh athchóirithe agus a mbeidh níos mó bithéagsúlachta ag baint leo, beidh siad níos athléimní i gcoinne bagairtí seachtracha agus iarmhairtí an athraithe aeráide agus tubaistí nádúrtha.

Le CBT trí éiciscéimeanna, bearta agra-comhshaoil-aeráide agus cabhair infheistíochta glaise, cuirtear tacaíocht ar fáil chun cleachtais inbhuanaithe a rolladh amach, amhail an agrai-éiceolaíocht agus an fheirmeoireacht orgánach (EUR 97.6 billiún don tréimhse 2023-2027). Ina theannta sin, déantar foráil in CBT i ndáil le hoibleagáidí agus tacaíocht maidir le seirbhísí comhairleacha a chur ar fáil d'fheirmeoirí, rud atá bunriachtanach nuair a thugtar faoi athruithe móra ar na córais feirmeoireachta nó nuair a bhíonn cleachtais nuálacha nó chasta á n-ionphlandú. Ag an am céanna, cuireann cuideachtaí laistigh agus lasmuigh den bhiashlabhra maoiniú príobháideach atá ag teacht chun cinn go tapa ar fáil do thalmhaíocht athghiniúnach.

Mar chuid de na hiarrachtaí is gá chun inbhuanaitheacht níos fearr a bhaint amach, tá rochtain ar nuálaíocht úrscothach de dhíth ag feirmeoirí. Is féidir le teicneolaíochtaí nua cabhrú le borradh a chur faoin athléimneacht i gcás na talmhaíochta agus na talún foraoisithe araon agus is féidir leo modhanna a chur ar fáil chun fómhair a chosaint ar éifeachtaí an athraithe aeráide, chailliúint na bithéagsúlachta agus dhíghrádú an chomhshaoil. Mar thoradh air sin, tá éileamh suntasach ó póraitheoirí agus ó fheirmeoirí san Aontas agus ar fud an domhain ar chineálacha atá oiriúnaithe níos fearr agus an úsáid is fearr á baint as gach cineál cur chuige pórúcháin lena n-áirítear teicnící nua géanómaíocha.

Tá **Teicnící Nua Géanómaíocha** (NGT) ag forbairt go tapa le fiche bliain anuas. Is féidir leis na teicnící nuálacha sin barra a fheabhsú. I measc na samplaí tá plandaí ar mó a n-acmhainn nó a bhfrithsheasmhacht i leith galair agus lotnaidí plandaí, plandaí ar mó a n-acmhainn nó a

bhfrithsheasmhacht i leith an athraithe aeráide, lena n-áirítear teochtaí foircneacha nó triomaigh, éifeachtúlacht fheabhsaithe cothaitheach agus úsáide uisce i bplandaí, agus plandaí ag a bhfuil táirgeacht níos airde. I bhformhór na gcásanna, ciallaíonn cur i bhfeidhm na dteicnící nua seo ar phórú plandaí gur féidir plandaí a fhorbairt níos tapúla (e.g., cé go bhféadfadh sé go dtógfadh sé cúpla bliain do phlanda a forbraíodh trí Theicnící Nua Géanómaíocha chun an margadh a bhaint amach, d'fhéadfadh sé go dtógfadh sé 10-15 bliana don phlanda céanna, má phóraítear é trí mhodhanna pórúcháin traidisiúnta), níos saoire agus, go háirithe, go mbeidh na hathruithe níos spriocdhírithe agus níos cruinne ná trí úsáid a bhaint as teicnící traidisiúnta pórúcháin nó teicnící géanómacha seanbhunaithe. Is féidir le sraith rialacha nua-aimseartha iomaíochas thalmhaíocht an Aontais a mhéadú, acmhainneacht taighde an Aontais a scaoileadh agus éagsúlacht níos leithne bia a chur ar fáil do thomhaltóirí, agus ag an am céanna is féidir le plandaí atá bunaithe ar Theicnící Nua Géanómaíocha cur le húsáid agus riosca lotnaidicídí a laghdú, arb é is aidhm don togra le haghaidh rialacháin maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí[11].

Leis an togra maidir le **Teicnící Nua Géanómaíocha**, comhcheanglaítear ardchaighdeán cosanta do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe araon agus don chomhshaol le rannchuidiú le córas bia athléimneach agus inbhuanaithe trí tháirgí plandaí nuálacha. Foráiltear sa togra ón gCoimisiún do cheanglais maidir le margú plandaí atá bunaithe ar Theicnící Nua Géanómaíocha agus táirgí a thugann san áireamh - chun ualach neamhriachtanach a sheachaint - go n-eascraíonn plandaí agus táirgí atá inchomparáide leis na cinn a bhaineann le pórú traidisiúnta as Teicnící Nua Géanómaíocha i gcásanna áirithe, agus i gcásanna eile go mbíonn modhnuithe níos casta i gceist leo. Cuirtear rialacha soiléire chun cinn freisin chun trédhearcacht a áirithiú maidir le plandaí agus táirgí a fhaightear trí Theicnící Nua Géanómaíocha, lena n-áirítear lipéadú síolta. Cuirfidh sé sin rogha shoiléir agus eolasach ar fáil d'fheirmeoirí. Ag an am céanna, tá an togra seo comhlántach le modhanna feirmeoireachta inbhuanaithe eile, amhail feirmeoireacht orgánach, nach n-úsáidfidh Teicnící Nua Géanómaíocha.

Tacóidh an creat cumasúcháin atá beartaithe le hiomaíochas an taighde Eorpaigh, agus le hearnálacha éagsúla pórúcháin plandaí agus feirmeoireachta. Is í earnáil síolta na hEorpa an t-onnmhaireoir is mó i margadh domhanda na síolta[12] (20 % den mhargadh domhanda a bhfuil luach measta EUR 7-10 billiún ag baint leis agus thart ar 7000 FBM ann, agus tá a gcumas nuálaíochta, a n-iomaíochas agus a dtáirgeadh san Aontas ríthábhachtach do shlándáil bia an Aontais) agus is réamhriachtanas é an cumas teicneolaíochtaí nuálacha a úsáid chun iomaíochas an Aontais a choinneáil agus chun go leanfaidh sé de bheith ag cur le slándáil bia ar fud an domhain. Leis an nuálaíocht, cuirfear an tAontas ar thús cadhnaíochta maidir le forbairtí teicneolaíocha agus maidir leis na tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil domhanda a eascraíonn as na teicneolaíochtaí nua sin. Tugtar isteach leis an togra próiseas

[11] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115, COM (2022)305 final, 2022/0196 (COD)

[12] Ragonnaud G., 2013. The EU seed and Plant Reproductive Material Market in Perspective: A Focus on Companies and Market Shares. Roinn Beartais B: Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe. Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe na Parlaiminte Eorpaí.


mear do ghnólachtaí a mbeidh orthu a léiriú go bhfuil na plandaí atá bunaithe ar Theicnící Nua Géanómaíocha coibhéiseach le plandaí a póraíodh ar an ngnáthdhóigh, nó go ndéantar measúnú comhshaoil agus sábháilteachta atá comhréireach agus rioscabhunaithe orthu, rud a chuirfidh dlús le hinfhaighteacht plandaí agus táirgí a fhaightear uathu, lena n-áirítear bia agus beatha, chun tairbhe feirmeoirí agus tomhaltóirí.

**Bosca 2. Teicnící nua géanómaíocha — bia sábháilte inbhuanaithe**

**Prátaí atá frithsheasmhach in aghaidh galair[13]**

Tá sé deacair cineálacha prátaí atá frithsheasmhach in aghaidh fungais a phórú toisc go bhfuil galair fhungacha dian agus is féidir leo frithsheasmhacht a shárú. Mar gheall ar infhaighteacht íseal cineálacha le frithsheasmhacht, tá prátaí i measc na mbarr a úsáideann an chuid is mó de lotnaidicídí. Is féidir le Teicnící Géanómaíocha nua tacú leis an bpróiseas pórúcháin agus dlús a chur leis chun rochtain níos tapúla ar chineálacha atá frithsheasmhach in aghaidh fungais a cheadú.

D'fhéadfadh cineálacha le frithsheasmhacht mharthanach in aghaidh na ngalar seo úsáid fuingicíde a laghdú gan cur isteach ar tháirgeacht. Maidir le prátaí, d'fhéadfaí laghdú 50-80 % ar úsáid fungaicíde a bhaint amach, agus coigilteas costais d'fheirmeoirí chomh maith le tairbhe thábhachtach don chomhshaol i gceist leis sin. Mar shampla, prátaí atá frithsheasmhach in aghaidh dhúchan na bprátaí, meastar gur coigilteas costais idir 4 agus 15 % in aghaidh an heicteáir a bheidh mar thoradh orthu.




Aithníonn an Coimisiún go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh an creat reachtach cothrom calabraithe, rud a áiritheoidh rochtain feirmeoirí agus póraitheoirí ar theicnící agus ábhar paitinnithe ionas go gcuirfear éagsúlacht síolta ar phraghsanna inacmhainne chun cinn agus

[13] Schneider, K., Barreiro-Hurle, J., Kessel, G. et al., 2023. *Economic and environmental impacts of disease resistant crops developed with cisgenesis* [Tionchar eacnamaíoch agus comhshaoil barra atá frithsheasmhach in aghaidh galar a forbraíodh le cisgenesis] EUR 31355, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg. https://doi.org/10.2760/715646

go gcaomhnófar pórú agus cothú gnáthbharr orgánach. San am céanna, spreagfaidh sé go mór an nuálaíocht i leith pórú plandaí trí dhreasachtaí infheistíochta, ar nós paitinní, a choinneáil ar bhun. Déanfaidh an Coimisiún measúnú, mar chuid d'anailís mhargaidh níos leithne, ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag paitinniú plandaí agus ag cleachtais cheadúnúcháin ghaolmhara agus trédhearcachta ar nuálaíocht i bpórú plandaí, ar rochtain póraitheoirí ar ábhar géiniteach agus ar theicnící géiniteacha agus ar infhaighteacht síolta d'fheirmeoirí chomh maith le hiomaíochas foriomlán thionscal bith-theicneolaíochta an Aontais. Tuairisceoidh an Coimisiún maidir lena thorthaí faoi 2026. Sainaithneoidh sé na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann san earnáil agus beidh sé mar bhonn chun cinneadh a dhéanamh maidir le haon ghníomhaíochtaí leantacha a d'fhéadfadh a bheith ann.

In éineacht le pacáiste an lae inniu, tugann an Coimisiún aghaidh freisin ar an iarraidh ón gComhairle staidéar a thíolacadh a chomhlánódh an measúnú tionchair ar an togra le haghaidh Rialacháin maidir le h**úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí.** Léiríonn an t-ionchur breise go gcabhróidh an togra le slándáil fhadtéarmach bia agus beatha an Aontais a ráthú. Ag tógáil ar pháipéar leathoifigiúil 2022 ón gCoimisiún, is féidir le raon feidhme laghdaithe na srianta i réimsí íogaire sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint, agus ag an am céanna tionchar teoranta a bheith aige ar an talmhaíocht. Moltar san ionchur breise freisin bealaí a d'fhéadfadh a bheith ann do na comhreachtóirí chun machnamh a dhéanamh ar conas an t-ualach riaracháin a laghdú tuilleadh, go háirithe i gcás feirmeacha an-bheag, agus leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh roghanna malartacha leordhóthanacha ar lotnaidicídí ceimiceacha ar fáil. Dá bhrí sin, leagann an Coimisiún amach roghanna féideartha a d'fhéadfadh na comhreachtóirí a mheas, go háirithe maidir le hamlínte níos giorra a leagan síos do na Ballstáit chun dréacht-tuarascálacha measúnaithe a sholáthar maidir le substaintí gníomhacha bithrialaithe nua, lena gceadaítear údaruithe sealadacha ar leibhéal na mBallstát maidir le táirgí bithrialaithe agus lena gceadaítear formheasanna a dheonú ar feadh tréimhse neamhtheoranta ama ar leibhéal an Aontais le haghaidh substaintí gníomhacha bithrialaithe. Chiallódh sé sin go laghdófaí go mór an nós imeachta um fhormheas fada atá ann faoi láthair agus go bhféadfaí roghanna malartacha bitheolaíocha nua a chur in úsáid beagnach ar an toirt, nuair a bheidh an chéad mheasúnú curtha i gcrích ag na Ballstáit.

Leis an **Rialachán atá beartaithe maidir le hábhar atáirgthe plandaí a tháirgeadh agus a mhargú**, déanfar an creat dlíthiúil atá ann cheana maidir le gach earnáil síolta a chomhdhlúthú, a thabhairt cothrom le dáta agus a shimpliú trí ionadú a dhéanamh ar na 10 dTreoir atá ann cheana. Tabharfaidh sé rochtain d'fheirmeoirí ar shíolta éagsúla ardchaighdeáin agus ar ábhar atáirgthe plandaí eile a ráthaíonn táirgeacht chobhsaí, athléimneacht agus tréithe eile de réir cineálacha plandaí athléimneacha trí cheanglais inbhuanaitheachta threisithe i dtástáil cineálacha (e.g. frithsheasmhacht in aghaidh galar) do gach grúpa barr rialáilte. Beidh síolta a dhíorthaítear ó chineálacha den sórt sin in oiriúint níos fearr do bhrúnna an athraithe aeráide agus cuideoidh siad le slándáil bia a chinntiú. Cuideoidh an togra le 25 % den talamh talmhaíochta faoi fheirmeoireacht orgánach a bhaint amach trí chlárú cineálacha orgánacha a éascú trí rialacha a chur in oiriúint do phrionsabail na feirmeoireachta orgánaí. Cuideoidh an togra le héagsúlacht ghéiniteach na mbarr saothraithe a chaomhnú agus a fheabhsú trí rialacha níos éadroime a thabhairt isteach maidir le cineálacha

caomhantais, líonraí caomhnaithe síolta agus malartú i gcineálacha síolta idir feirmeoirí agus tacóidh sé le forbairt meascán síolta. Ina theannta sin, méadóidh sé éifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcóras clárúcháin/deimhniúcháin trí níos mó solúbthachta a chur ar fáil do na hoibreoirí agus trí úsáid teicnící bithmhóilíneacha agus digitiú a chumasú.

Cuideoidh **an togra le haghaidh Rialacháin maidir le hábhar atáirgthe foraoise a tháirgeadh agus a mhargú** lena áirithiú go gcuirfear an crann ceart san áit cheart chun go mbeidh borradh faoi fhoraoisí faoi dhálaí aeráide reatha agus faoi dhálaí aeráide réamh-mheasta amach anseo. Le measúnú ar shaintréithe inbhuanaitheachta na máthairchrainn, is féidir dlús a chur le hoiriúnú foraoisí don athrú aeráide, rud a áirithíonn a dtáirgiúlacht leanúnach amach anseo. Leis na rialacha chun caomhnú acmhainní géiniteacha foraoise atá i mbaol a éascú, cuirfidh siad le héagsúlacht ghéiniteach na gcrann. Cuideoidh pleananna teagmhasacha náisiúnta le soláthar leordhóthanach ábhair atáirgthe foraoise a chinntiú chun limistéir a athfhoraoisiú atá thíos le teagmhais adhaimsire, dóiteáin, ráigeanna lotnaidí agus tubaistí eile. Cuireann an rialachán solúbthacht ar fáil chun cineálacha cur chuige agus gníomhaíochtaí sonracha a chur i bhfeidhm i gcineálacha éagsúla foraoisí agus éiceachóras foraoise agus cuidíonn sé le foraoisí athléimneacha a chruthú, an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus éiceachórais foraoise a athbhunú. Tacaíonn sé freisin le hacmhainní géiniteacha foraoise a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe.

**4. Úsáid éifeachtúil táirgí a áirithiú trí dhul i ngleic le bia agus dramhaíl teicstíle**

Tá cur amú bia ar cheann de na foinsí neamhéifeachtúlachta is mó agus cuireann sé ualach gan ghá ar acmhainní nádúrtha teoranta, amhail úsáid talún agus uisce. Cuirtear beagnach 59 milliún tona bia (131 kg/áitritheoir) amú san Aontas Eorpach gach bliain agus meastar go bhfuil luach margaidh EUR 132 billiún ag baint leis[14]. Gineann teaghlaigh os cionn leath na dramhaíola bia (53 %), agus an earnáil próiseála agus monaraíochta ag teacht ina dhiaidh sin (20 %). Chomh maith leis sin, ní féidir glacadh le dramhbhia ar an scála seo agus an t-ocras ag dul i méid ar fud an domhain agus nuair nach féidir le 32.6 milliún saoránach san Aontas íoc as béile ceart gach dara lá.

Baineann trí bhua leis an gcomhrac i gcoinne cur amú bia: sábhálann sé bia lena chaitheamh ag an duine agus, ar an gcaoi sin, cuireann sé le slándáil an tsoláthair bia. Cabhraíonn sé le cuideachtaí agus tomhaltóirí airgead a shábháil, agus laghdaíonn sé an tionchar a bhíonn ag táirgeadh agus tomhaltas bia ar an gcomhshaol.

In ainneoin go bhfuil méadú ag teacht ar an bhfeasacht ar na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le cur amú bia, níl acmhainneacht iomlán an laghdaithe ar dhramhaíl bia bainte amach go fóill. Leis na spriocanna atá beartaithe do Bhallstáit an Aontais chun cur amú bia a laghdú, tacaítear lena dtiomantas mar chuid de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe domhanda na Náisiún Aontaithe dul i dtreo cur amú bia a laghdú faoina leath ar leibhéal miondíola agus tomhaltóirí faoi 2030. Cuirfidh na spriocanna dlús leis na hiarrachtaí chun córas bia atá ag éirí níos inbhuanaithe a fhorbairt. D'fhonn freagracht choiteann chomhroinnte a áirithiú ar fud an

[14] Cur amú bia agus cosc ar chur amú bia — meastacháin — Staidreamh Mínithe (europa.eu)

Aontais, leagtar síos sa **togra maidir le cur amú bia a laghdú** an sprioc chéanna do gach Ballstát agus ag an am céanna fágtar faoi gach ceann acu na bearta is éifeachtaí a dhéanamh, a bheidh saincheaptha dá staid náisiúnta ar leith, arna dtacú ag tionscnaimh chun dea-chleachtais agus torthaí a baineadh amach a roinnt, amhail Ardán an Aontais Eorpaigh maidir le Caillteanais Bia agus Cur Amú Bia. Mar thoradh ar an togra reachtach, tá coimre de réitigh á foilsiú ag an gCoimisiún inniu chun cabhrú le gach gníomhaí cur amú bia ar leibhéal an tomhaltóra a chosc[15]. Freagraíonn an choimre do mholtaí ó na painéil saoránach a tionóladh le déanaí a eagraíodh chun tacú le hathrú ar iompraíocht tomhaltóirí[16]. Maidir leis na spriocanna maidir leis an gcur amú bia a laghdú, táthar ag súil go mbeidh tairbhí comhshaoil suntasacha agus coigiltis airgeadais ag baint leo do thomhaltóirí (thart ar EUR 400/teaghlach/bliain).

Chun aghaidh a thabhairt ar na teophointí a bhaineann le giniúint an chur amú bia san Aontas agus chun dlús a chur le dul chun cinn na mBallstát i dtreo na huaillmhéine domhanda, déantar na spriocanna sonracha chun cur amú bia a laghdú a dhifreálú ar fud an bhiashlabhra agus tá siad bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is déanaí. Le bailiú leanúnach sonraí, beifear in ann an dul chun cinn a rianú agus a athbhreithniú agus aon choigeartuithe is gá a dhéanamh, agus dul chun cinn na mBallstát le himeacht ama á chur san áireamh. Tacóidh sé sin le rannchuidiú láidir ón Aontas i dtreo Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 12.3 faoi 2030 agus beidh sé mar bhonn eolais don uaillmhian maidir le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh tar éis an dáta sin.

Le dramhaíl teicstíle leagtar ualach gan ghá ar acmhainní nádúrtha teoranta freisin. Ní dhéanann tomhaltóirí 78 % den dramhaíl teicstíle a bhailiú go leithleach agus téann sí isteach ar deireadh i ndramhaíl mheasctha tí, a bhfuil sé beartaithe í a loscadh nó a chur i líonadh talún. Níl an bainistiú dramhaíola sin atá neamhéifeachtúil ó thaobh acmhainní de i gcomhréir le cuspóirí an gheilleagair chiorclaigh agus déanann sé dochar don chomhshaol san Aontas agus i dtríú tíortha, lena n-áirítear i dtíortha i mbéal forbartha agus i measc daonraí leochaileacha, trí leibhéil iomarcacha astaíochtaí gás ceaptha teasa, tomhaltas uisce, truailliú agus úsáid talún. Na rialacha atá beartaithe maidir le freagracht leathnaithe táirgeora as teicstílí a thabhairt isteach, agus maidir le bainistiú cuí dramhaíola teicstíle a áirithiú, is é is aidhm dóibh an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as a chur chun feidhme, an geilleagar ciorclach do theicstílí a chur chun cinn agus borradh a chur faoi ghníomhaíochtaí cruthaithe luacha a bhfuil an acmhainneacht thábhachtach acu poist áitiúla a chruthú. Cuirfidh na rialacha sin feabhas ar mhargadh na dteicstílí athláimhe, tacóidh siad leis an iliomad fiontar sa gheilleagar sóisialta atá gníomhach ann, agus spreagfaidh siad nuálaíocht in athchúrsáil teicstílí. Ach infhaighteacht éadaí úsáidte a mhéadú, cruthófar deiseanna coigilte costais do shaoránaigh san Aontas agus níos faide i gcéin, agus déanfar acmhainní nádúrtha a shábháil ag an am céanna. Le rialacha comhchuibhithe maidir le freagracht leathnaithe táirgeora, éascófar feidhmiú cuí an mhargaidh aonair agus tacófar leis na Ballstáit an oibleagáid teicstílí a bhailiú ar leithligh ó 2025 ar aghaidh a chur chun feidhme ar bhealach comhleanúnach, chun cothrom iomaíochta a áirithiú d'oibreoirí eacnamaíocha.

[15] Fóram Eorpach maidir le Cur Amú Bia ag Tomhaltóirí_Eolas le haghaidh beartas (europa.eu)
[16] ECP1_Citizens Recommendations_EN_final.pdf (europa.eu).

## 5. Conclúidí

Tá iarmhairtí na ngéarchéimeanna aeráide agus bithéagsúlachta ag éirí níos feiceálaí, san Aontas Eorpach freisin. Tá tionchar acu cheana féin ar bheagnach gach saoránach agus ar gach earnáil den gheilleagar. Ós rud é go bhfuil dlúthnasc eatarthu, tá gá le gníomhaíocht ar an dá thaobh — Is dhá thaobh den scéal céanna iad an t-athrú aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta. Cé go bhfuil dul chun cinn tábhachtach déanta maidir leis an reachtaíocht aeráide, is gá an méid céanna a dhéanamh maidir leis na tograí reachtacha ón gCoimisiún maidir le húsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha an Aontais, rud a bhfuil tairbhí ag baint leis ag an am céanna don mhaolú ar an athrú aeráide, don oiriúnú don athrú aeráide agus don bhithéagsúlacht.

Tá gá leis na tograí reachtacha a cuireadh i láthair inniu chun seasamh le tiomantas an Aontais don aeráidneodracht, ós rud é go bhfuil colúin aeráide agus acmhainní nádúrtha an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip comhlántach lena chéile. Bunchloch thábhachtach atá iontu freisin chun slándáil fhadtéarmach bia a áirithiú do shaoránaigh na hEorpa. Cuideoidh togra an lae inniu maidir le hithir, mar shampla, chun an gealltanas a chomhlíonadh maidir le hacmhainneacht ionsúcháin linnte carbóin nádúrtha a mhéadú faoi LULUCF agus maidir leis na spriocanna a leagtar síos leis an Dlí maidir le hAthchóiriú an Dúlra agus leis an Dlí Aeráide Eorpach, ar tograí suaitheanta iad araon faoin gcolún maidir le haeráid agus acmhainní nádúrtha sa Chomhaontú Glas. Ní féidir ach le hithreacha sláintiúla carbón a stóráil agus éiceachórais talún rathúla a sholáthar atá níos athléimní i gcoinne triomaigh, tuilte, tonnta teasa, agus teagmhais adhaimsire eile a bhaineann leis an aeráid, rud a chuireann le hathléimneacht fhoriomlán an Aontais. Níl sé d'acmhainn ach ag acmhainní nádúrtha sláintiúla ár gconair i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú. Tá an creat faireacháin atá beartaithe agus na sonraí ábhartha ríthábhachtach chun bearta athchóirithe iarmhartacha a chur in oiriúint de réir riachtanais áitiúla. Ag an am céanna, tá an togra seo ríthábhachtach chun na ceanglais faireacháin faoi LULUCF agus CBT a éascú. Comhlánaíonn sé freisin an togra le haghaidh deimhniú aistrithe carbóin. Méadóidh ithreacha sláintiúla an méid carbóin stóráilte agus, dá bhrí sin, luach na gcreidmheasanna carbóin gaolmhara, rud a chuirfidh borradh faoi ioncaim feirmeoirí.

Ar an iomlán, tá gá leis na tograí a rinneadh cheana faoi cholún acmhainní nádúrtha an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, mar atá tugtha chun críche le pacáiste an lae inniu, chun oibleagáidí dlíthiúla an Aontais faoi reachtaíocht aeráide atá glactha cheana féin a chomhlíonadh, agus maidir le gealltanais iltaobhacha an Aontais laistigh de Chreat Bithéagsúlachta Kunming-Montreal de réir mar a leanann an tAontas de bheith ag obair i gcomhar lena thíortha comhpháirtíochta i dtreo todhchaí inbhuanaithe. Dá bhrí sin, iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle na tionscnaimh faoin gcolún seo den Chomhaontú Glas a ghlacadh go pras.